
# ELeathanach 455

Dé Luain, an 22 Eanáir 2024





### Aimsir an Gheimhridh

An tseachtain seo caite, bhí aimsir an-fhuar againn ar fud na tíre. Bhí an teocht faoi bhun an reophointe gach oíche. Oíche amháin, i mBaile Mhic Andáin, i gCill Chainnigh, thit an teocht go -8.6 céim Celsius.

Bhí sneachta in áiteanna sa tír freisin, agus bhí roinnt scoileanna dúnta toisc go raibh na bóithre clúdaithe leis an sneachta agus an sioc.

Ansin, d'fhógair siad ar réamhaisnéis na haimsire go mbeadh athrú ar an aimsir ag an deireadh seachtaine. Ar an drochuair, cé go raibh an teocht ag dul in airde, bhí Stoirm Isha ag teacht. Bhí gaoth láidir agus báisteach throm ar fud na tíre.

Bhí níos mó ná 235,000 duine gan leictreachas agus bhí roinnt scoileanna dúnta arís dá bharr.

### Luch ag cur slacht ar rudaí!

Tá cónaí ar Rodney Holbrook sa Bhreatain Bheag. Le cúpla mí anuas, thug sé faoi deara go raibh rudaí ag bogadh timpeall thar oíche sa gharáiste nó scáthlán taobh thiar den teach.

Ar dtús, bhí sé chun roinnt cnónna a chur amach do na héin, ach ní raibh aon chnó le feiceáil. D'oscail sé cófra agus bhí na cnónna i bhfolach i mbosca lena sheanbhróga!

Shocraigh sé ceamara a chur sa scáthlán chun an scéal a fhiosrú. Bhí ionadh air nuair a d'fhéach sé ar an bhfíseán. Chonaic sé luch ag glanadh an chuntair agus ag cur rudaí isteach i mbosca.

Gach oíche chuir *Tidy Mouse* aon rud ar an gcuntar sa bhosca. Bhí cúpla luch eile le feiceáil ar na físeáin uaireanta, ach ní raibh spéis acu sa ghlanadh!





luch

### Cluiche Ceannais: Craobhchomórtas Chlubanna na hÉireann

Bhí na cluichí ceannais de Chraobhchomórtas Clubanna na hÉireann ar siúl i bPáirc an Chrócaigh inné. Ar dtús bhí Naomh Tomás agus Gael Uí Lochlainn ag imirt i gcoinne a chéile san iomáint. Bhí an aimsir uafásach.

Ag leath-am, bhí Gael Uí Lochlainn chun tosaigh. Bhí conspóid ann, mar go raibh an chuma air go bhfuair Gael Uí Lochlainn cúl sa chéad leath, ach ní raibh an maor cúil cinnte faoi. Sa dara leath, bhí na foirne ar comhscór ach sna nóiméid dheireanacha fuair Eanna Burke scór iontach do Naomh Tomás agus bhí an bua acu.

Ansin bhí cluiche ceannais peile idir An Gleann agus Naomh Bríd. Bhí Naomh Bríd chun tosaigh go minic i rith an chluiche, ach ar deireadh bhí an lámh in uachtar ag An nGleann, le pointe amháin idir na foirne.

Ollscoil Mhá Nuad
Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
Coláiste Mhuire, BÁC 7
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta